


# Caibidil 14

## Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht

# 14 Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

## 14.1 Réamhrá

Leagtar amach sa Phlean fís agus straitéis na Comhairle d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae sa tréimhse 2021-2027. Tá raon leathan cuspóirí beartais a sholáthraíonn creat d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae sa todhchaí san áireamh sa phlean.

Tá oibleagáid reachtúil ar an gComhairle forálacha an Phlean a chur i bhfeidhm agus tá sí tiomanta dá cuspóirí a bhaint amach.

Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag glacadh ról ceannaireachta maidir le cuspóirí beartais an Phlean a chur chun cinn agus a dhaingniú agus ar an gcaoi sin rathúnas eacnamaíoch a fheabhsú, Droichead Átha agus Dún Dealgan a chur chun cinn mar Ionaid Fáis Réigiúnacha, ag taistriú go contae ísealcharbóin a éascú, oidhreacht cultúrtha uathúil, tógtha agus nádúrtha an Chontae a chur chun cinn, pobail a fhorbairt, úsáid talún agus pleanáil a chomhtháthú chomh maith leis, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chinntiú.

Agus an ról ceannaireachta seo á soláthar aici, cothóidh an Chomhairle cur chuige comhoibritheach le saoránaigh, geallsealbhóirí, leasanna earnála, agus údaráis tadhlacha le tacaíocht chomhchoiteann agus cur i bhfeidhm rathúil an Phlean, a bhaint amach.

Tá cur i bhfeidhm an Phlean ag brath ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear tacaíocht pholaitiúil, maoiniú ón gComhairle agus caipiteal a bheith ar fáil ó fhoinsí eile. De dheasca na gcúrsaí geilleagracha éiginnte, mar thoradh ar COVID 19, d'fhéadfadh dúshlán a bheith ann sna blianta amach romhainn i dtaobh an tsoláthair mhaoinithe.

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bPlean freisin le dul chun cinn a mheas, agus lena fháil amach an áit a bhfuil gá ann le leasuithe.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Chomhairle athrú a dhéanamh ar an bPlean ó am go ham, má mheastar go bhfuil gá le leasuithe den sórt sin.

## 14.2 Cúlra Reachtach

Foráiltear faoi *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*:

Alt 15 (1) go mbeidh sé de dhualgas ar Údarás Pleanála cibé céimeanna a ghlacadh a bheidh riachtanach le cuspóirí an Phlean Forbartha a bhaint amach, agus;

Alt 15 (2) Tuairisceoidh an Bainisteoir Údaráis Pleanála, 2 bhliain ar a mhéad tar éis plean forbartha a dhéanamh, do chomhaltaí an údaráis maidir leis an dul chun cinn a bheidh bainte amach ó thaobh na cuspóirí dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

### 14.2.1 Pleananna Ceantair Uirbeacha agus Pleananna Ceantair Áitiúla

Is cuid ríthábhachtach de Straitéis an Phlean é ná beartais a thabhairt go leibhéal áitiúil níos mionsonraithe trí Phleananna Ceantair Uirbeacha agus trí Phleananna Ceantair Áitiúla. Soláthraíonn cuspóirí straitéiseacha agus leathana beartais an Phlean creat ginearálta, ach ní gá gurb iad na bearta mionsonraithe a theastaíonn le haghaidh tograí suntasacha i gceantair áirithe.

Ullmhófar Pleananna Ceantair Uirbeacha / Áitiúla do na lonnaíochtaí seo a leanas:

- Droichead Átha - Tá Comhphlean Ceantair Uirbeach / Áitiúil le hullmhú i gcomhar le Comhairle Contae na Mí; agus

- Dún Dealgan

Ullmhófar Pleananna Ceantair Áitiúla do na lonnaíochtaí seo a leanas:

- Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire.

## 14.3 FOINSÍ MAOINITHE

### 14.3.1 Maoiniú Poiblí

Braithfidh maoiniú do thionscadail, cláir agus cuspóirí beartais éagsúla an Phlean ar mhaoiniú caipitil ón rialtas. Leithdháilfear cistí na Comhairle féin faoin mbuiséad bliantúil a ghlacann na Comhaltaí Tofa chucu féin gach bliain. Mar a tagraíodh cheana, tá infhaighteacht maoinithe thar shaolré an Phlean neamhchinnte agus beidh sé ag brath ar thionchair mheántéarmacha agus fadtéarmacha COVID 19 ar an ngeilleagar náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 14.3.2 Síntiúis forbartha.

Meastar go bhfuil sé réasúnach go n-íocfaidh forbróirí síntiúis le hinfheistíocht den Údarás Áitiúil i soláthar bonneagair agus seirbhísí ar an ábhar go mbaineann siad leas astu. Féadfaidh an Chomhairle, agus cead pleanála á tabhairt aici faoi *Ailt 34, 48 agus 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú)* coinníollacha a cheangal lena gceanglaítear síntiúis a íoc i leith bonneagair agus áiseanna poiblí, rud a rachaidh chun leasa na forbartha. Tá sonraí faoi shíntiúis den sórt sin leagtha amach sa *Scéim Síntiúis Forbartha Chomhairle Contae Lú 2016-2021 (agus aon scéim ina dhiaidh sin)* , a tháinig i bhfeidhm ar an 19 ú Meán Fómhair 2016. Déanfar athbhreithniú ar an scéim síntiúis seo le linn shaolré an Phlean.

### 14.3.3 Foinsí Maoinithe Breise

Tá na Cistí Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe agus Uirbeacha a eascraíonn ón bPlean Forbartha Náisiúnta, mar thaca leis an gCreat Pleanála Náisiúnta agus straitéisí náisiúnta eile ar fáil le tacú le pleananna forbartha údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla a chur i bhfeidhm. Tá siad ann le cuspóirí an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil a chur i bhfeidhm chomh maith.

Déanfaidh an Ciste Gníomhaíochta Aeráide a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le tionscnaimh a chuidíonn le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach, infheistíocht ó chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha a ghiaráil. Tá sé mar aidhm ag an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha tacú le héiceachóras nuálaíochta na hÉireann agus comhoibriú a spreagadh idir comhlachtaí poiblí, taighde, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus an tionscal .

I measc na gclár breise ar leibhéal Náisiúnta agus AE, tá Plean Gníomhaíochta Atógála Éireann, an Scéim Chomharsanachta, Maoiniú Áise an Chrannchuir Náisiúnta, chomh maith le meicníochtaí maoinithe eile atá ar fáil ó na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile.

### 14.3.4 Maoiniú Príobháideach

#### 14.3.4.1 Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Is éard atá i gceist le Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) ná comhaontú comhpháirtíochta idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach le tionscadail shonracha a sholáthar a bhaineann le seirbhísí poiblí agus bonneagar. Cinntíonn cuir chuige den sórt sin tiomantas do mhaoiniú mar gheall ar chúnamh poiblí agus príobháideach idirnasctha agus tá sé mar aidhm acu an modh forbartha is éifeachtaí ó thaobh an gheilleagair de a chinntiú.

Is féidir le hoideachas, seirbhísí áitiúla, cúrsaí sláinte, tithíocht, iompar poiblí, bóithre, dramhaíl sholadach, uisce / fuíolluisce agus seirbhísí poiblí eile leas a bhaint as cur chuige PPP.

Leanfar le cuir chuige comhpháirtíochta eile le heagraíochtaí stáit agus poiblí. Is féidir go mbeidh / go leor cineálacha éagsúla tionscadal i gceist le cineálacha cur chuige den sórt sin, lena n-áirítear:

- Dearadh agus tógáil;
- Dearadh, tógáil agus oibriú;
- Dearadh, tógáil, oibriú agus airgeadas, agus
- Conarthaí oibriúcháin.

#### 14.3.4.2 Bannaí

Le críochnú sásúil na forbartha ar láithreán ar tugadh cead pleanála di a chinntiú, éileoidh an Chomhairle banna airgid a thabhairt lena chinntiú go gcuirfear an fhorbairt i gcrích chun sástacht na Comhairle. Clúdaítear é seo faoi *Alt 34 (4) (g) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).*Féadfar an banna seo a fhoréileamh go páirteach nó go hiomlán i gcás nach bhfuil an fhorbairt críochnaithe agus sásúil ag an gComhairle agus úsáid bainte as lena chinntiú go gcuirfear an fhorbairt i gcrích go sásúil. Ní scaoilfear an banna airgid seo go dtí go nglacfar an t-eastát i gceannas. Athbhreithneofar luach an bhanna airgid le linn shaolré an Phlean agus gach bliain ina dhiaidh sin gach bliain de réir an Innéacs Praghsanna Mórdhíola don Tionscal Foirgníochta.

#### 14.3.4.3 Céimniú

Tá sé tábhachtach soláthar tráthúil de bhonneagar tacaíochta agus áiseanna pobail i dteannta le forbairt limistéar lena chinntiú go dtarlaíonn forbairt inbhuanaithe ar ardchaighdeán.

Déanfar gach togra forbartha ar mhórscála a chéimniú de réir a chéile ag féachaint do bhonneagar fisiceach agus sóisialta agus forbairt ordúil a sholáthar.

### 14.3.5 Forfheidhmiú

Tá cumhachtaí fairsinge ag an gComhairle faoi *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)* beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcás ina bhfuil forbairt neamhúdaraithe tarlaithe, ag tarlú nó i gcás nach bhfuil, nó nach bhfuil forbairt cheadaithe á déanamh, i gcomhréir leis an gcead pleanála a tugadh.

Cuirfidh an Chomhairle an reachtaíocht phleanála i bhfeidhm lena chinntiú nach gcuirtear forbairt chomhshaoil, amhairc agus eacnamaíoch an Chontae i gcontúirt le forbairt mhíchuí agus díobhálach don chomhshaol agus lena chinntiú go gcuirtear beartais agus cuspóirí an Phlean i bhfeidhm agus go gcloítear leo.

## 14.4 MONATÓIREACHT AGUS CUR I BHFEIDHM

Is í Roinn Pleanála na Comhairle an phríomhrannán atá freagrach as monatóireacht agus cur i bhfeidhm an Phlean, go príomha trína fheidhm bainistíochta forbartha. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go gcomhordaíonn an Plean seo obair agus cuspóirí ní amháin an stiúrthóireacht Pleanála, Bonneagair agus Forbartha Eacnamaíochta ach freisin na Seirbhísí Corparáideacha agus Éigeandála, Seirbhísí Oibríochtaí agus Comhshaoil, Seirbhísí Tithíochta agus Pobail, chomh maith le stiúrthóireachtaí na Seirbhíse Airgeadais agus Uisce.

I roinnt cásanna, d’fhéadfadh comhlachtaí seachtracha mar Uisce Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Iascaigh Intíre Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil srl. Oibreoidh an tÚdarás Pleanála i gcomhar leis an gcomhlacht seachtrach ábhartha chun cuidiú a chinntiú go gcuirfear an cuspóir beartais ábhartha i bhfeidhm.

Tá cuspóirí beartais an Phlean sonrach, intomhaiste, indéanta agus réalaíoch. Mar sin féin, socraítear roinnt laistigh de chreat ama níos faide, dá bhrí sin ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán thar shaolré an Phlean seo.

Cuirfidh monatóireacht leanúnach san áireamh forbairt chónaithe a cheadaítear i lonnaíochtaí atá ainmnithe faoin ordlathas lonnaíochta d’fhonn comhlíonadh na leithdháiltí daonra arna sainiú ag an gCroístraitéis a chinntiú, agus leis an gcur chuige maidir le tograí forbartha a cheadú i gcásanna nach bhfuil cuspóirí Croí-Straitéise á chomhlíonadh.

## 14.5 Athbhreithniú Reachtúil Gach Dhá Bhliain

De réir *Alt 15 (2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú),* déanfar athbhreithniú ar an bPlean tar éis 2 bhliain agus ullmhóidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar dhul chun cinn i dtaobh na n-éachtaí maidir le cuspóirí beartais an Phlean a bhaint amach ag an am sin.

Déanfaidh an tAthbhreithniú gach 2 bhliain faireachán agus measúnú ar chuspóirí foriomlána an bheartais cur chun feidhme lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCroístraitéis agus na cuspóirí comhshaoil mar atá leagtha amach sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil. Tiocfaidh an fhaisnéis a úsáidtear leis an athbhreithniú gach 2 bhliain a dhéanamh ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear stiúrthóireachtaí eile, comhlachtaí seachtracha, an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre, a nuashonraíonn a gcuid sonraí bunlíne ar thimthriall ceithre bliana.

Tá an Roinn ag déanamh athbhreithniú ar Threoirlínte an Phlean Forbartha faoi láthair agus táthar ag súil go bhféadfadh níos mó sonraí a bheith iontu seo maidir leis na cineálacha táscairí atá le húsáid maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar phleananna forbartha agus mar sin socrófar ábhar cruinn an Athbhreithnithe reachtúil gach Dhá Bhliain ag am na scríbhneoireachta.